An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# TCI BAILE



Nuashonrú is Deireanaí: Bealtaine 2026

# Clár Ábhar


1. Réamhrá
2. Cuspóir na treorach seo
3. Cén stádas atá ag TCI i dtithe?
4. Ceisteanna Coitianta ó oibritheoirí ceamaraí
5. Ceisteanna Coitianta ó dhaoine aonair a bhfuil imní orthu


## 1. Réamhrá

Tá méadú tagtha ar an úsáid atá á baint as córais teilifíse ciorcaid iata (TCI) le blianta beaga anuas mar gheall ar an méadú atá tagtha ar shofaisticiúlacht agus infhaighteacht na teicneolaíochta sa réimse sin. Tá go leor úsáidí dlisteanacha ag baint le TCI, amhail úsáidí chun críocha slándála, chun coireacht a chosc agus a bhrath, agus chun críocha sláinte agus sábháilteachta. Mar sin féin, is féidir le faireachas TCI a bheith ina chúis le hábhair imní freisin maidir le príobháideacht agus cearta cosanta sonraí daoine aonair.

## 2. Cuspóir na treorach seo

Faigheann an Coimisiún um Chosaint Sonraí líon mór ceisteanna agus gearán maidir le faireachas TCI i suíomhanna baile. Is é is aidhm don nóta seo, a chuirtear ar fáil le haghaidh cuspóirí treoracha amháin, cabhrú leat tuiscint a fháil ar an dlí agus ar na cearta cosanta sonraí atá agat nuair atá córas TCI baile á úsáid ag duine chun faireachán a dhéanamh ar a m(h)aoin agus chun í a chosaint. Ba cheart a thuiscint go bhfolaíonn gach tagairt do chórais TCI sa treoir seo ceamaraí fosaithe agus cloigíní dorais cliste araon i suíomh baile.

Má theastaíonn treoir uait maidir le húsáid TCI agus cloigíní dorais cliste a oibríonn i suíomh gnó, tráchtála nó oibre, féach an Treoir maidir le TCI do Rialaitheoirí Sonraí ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí chun tuilleadh faisnéise a fháil.

## 3. Cén stádas atá ag TCI i dtithe?

Bíonn níos mó agus níos mó daoine dínn ag suiteáil ceamaraí inár dteach – bíodh ceamaraí iontu chun ár maoin a chosaint ar theacht isteach gan údarú nó bíodh ceamaraí ar an gcloigín dorais iontu ionas gur féidir linn ár bhfón nó gléas eile a úsáid chun a sheiceáil cé atá ag an doras.

Níor cheart córas TCI baile a oibriú ach amháin chun íomhánna a ghabháil laistigh d'imlíne mhaoin oibritheoir an chórais TCI féin, lena n-áirítear a g(h)airdín agus/nó a c(h) abhsán. Meastar go dtagann córais a oibríonn ar an mbealach sin faoi réim na díolúine tí agus, dá bhrí sin, níl siad faoi réir an dlí cosanta sonraí.

Níl feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag duine nádúrtha le linn gníomhaíocht is gníomhaíocht phearsanta nó tí amháin, ar gníomhaíocht í nach bhfuil baint ar bith aici le gníomhaíocht ghairmiúil nó tráchtála dá bharr. D'fhéadfadh go n-áireofaí le gníomhaíochtaí tí comhfhreagras agus coimeád seoltaí, nó líonrú sóisialta agus gníomhaíocht ar líne a dhéantar i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí sin.

Mar sin féin, má tá córas TCI baile suiteáilte agat lena ngabhtar íomhánna agus/nó fuaimeanna lasmuigh d'imlíne do mhaoine, amhail íomhánna agus/nó fuaimeanna de dhaoine eile ina dtithe, ina ngairdíní, ar chosáin phoiblí nó ar shráideanna, mar shampla, ní bheidh feidhm ag an díolúine tí maidir leat agus beidh sé de cheangal ort na hoibleagáidí cosanta sonraí uile faoi RGCS a chomhlíonadh. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) a dheimhnigh an seasamh sin sa bhreithiúnas uaithi i gcás Rnyeš (C-212/13). Bhreithnigh an Chúirt cur i bhfeidhm an dlí cosanta sonraí maidir le córais TCI baile agus chinn sí **nach bhfuil feidhm ag an díolúine phearsanta nó tí ón dlí cosanta sonraí i gcás go ngabhtar íomhánna lasmuigh d'imlíne mhaoin phríobháideach oibritheoir an chórais le córas TCI baile**.

Níl sé inghlactha córas TCI a oibriú ar bhealach a ngabhtar íomhánna de do chomharsana ina dtithe, ina ngairdíní nó ar a gcabhsáin. Is sárú ar chearta cosanta sonraí do chomharsan iad aon ghníomhartha a dhéantar chun do cheamaraí TCI a dhíriú isteach ar na spásanna príobháideacha sin.

I gcás go n-oibrítear do chóras TCI ar bhealach a ngabhtar íomhánna leis de dhaoine i spásanna comhroinnte nó poiblí amhail comhlimistéir, sráideanna, bóithre nó cosáin, ní dóigh go mbeidh na críocha atá agat le do chóras TCI a oibriú níos mó ná cearta cosanta sonraí na ndaoine sin a bhféadfadh go ndéanfaí a ngnáthghníomhaíochtaí laethúla a thaifeadadh le do chóras TCI.




## 4. Ceisteanna Coitianta ó oibritheoirí ceamaraí

***Tá ceamaraí agam laistigh de mo theach ar féidir liom súil a choinneáil orthu trí m'fhón cliste a úsáid – cé na hoibleagáidí atá orm faoin dlí cosanta sonraí?***

Sonraítear in Airteagal 2 RGCS nach bhfuil feidhm ag RGCS maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag duine nádúrtha le linn gníomhaíocht is gníomhaíocht phearsanta nó tí amháin.

Tugtar an díolúine tí, nó an díolúine bhaile, ar an bhforáil sin de ghnáth. Más rud é go n-úsáidtear córas inmheánach ceamaraí slándála chun críche ghníomhaíocht phearsanta nó tí an úinéara tí agus chun na críche sin amháin agus nach dtaifeadtar leis ach an limistéar atá laistigh d'imlíne mhaoin an úinéara tí, beidh feidhm ag an díolúine tí.

Ba cheart d'úinéirí tí a bheith cúramach maidir leis an dóigh a n-úsáideann siad na píosaí scannáin a thaifeadtar. Mar riail ghinearálta, molann an Coimisiún um Chosaint Sonraí do dhaoine aonair gan píosaí scannáin den sórt sin a fhoilsiú ar líne ná iad a scaipeadh ar mhodhanna eile, toisc nach dóigh go mbeidh bunús dleathach acu faoi RGCS chun déanamh amhlaidh. Má fhoilsíonn úinéir tí na píosaí scannáin taifeadta ar líne nó má roinneann sé/sí ar na meáin shóisialta iad, is dócha go mbeidh sé/sí faoi cheangal ag na hoibleagáidí atá ar rialaitheoirí sonraí faoi RGCS. Léigh an Treoir ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le húsáid TCI do rialaitheoirí sonraí chun tuilleadh faisnéise a fháil ina leith sin.

***Tá cloigín dorais físe agam ar féidir liom faireachán a dhéanamh air trí m'fhón cliste a úsáid – an bhfágann sé sin gur rialaitheoir sonraí mé?***

Is dóigh go dtiocfaidh cloigín dorais cliste faoi réim na díolúine baile ar choinníoll nach dtaifeadtar leis ach an limistéar príobháideach laistigh d'imlíne do thí.

Dheimhnigh CBAE i gcás 'Ryneš' go dtiocfadh córas TCI baile lena ndéantar taifeadadh **leanúnach** ar aon spás poiblí lasmuigh d'imlíne mhaoin an úinéara tí faoi raon feidhme an dlí cosanta sonraí agus RGCS.

Mura mbíonn cloigín dorais cliste ag taifeadadh, nó mura mbíonn sé ag taifeadadh go leanúnach, is dóigh go mbeidh feidhm ag an díolúine bhaile dá dtagraítear thuas, ach ba cheart d'úinéirí tí a bheith cúramach fós a chinntiú nach gcuirfidh an cloigín dorais cliste isteach ar limistéir atá faoi úinéireacht aon duine eile seachas an t-úinéir tí agus go n-urramóidh siad príobháideacht daoine eile.


Cumhdaítear leis an míniú ar 'sonraí pearsanta' faisnéis/sonraí (fístaifeadadh sa chás seo) ina bhfuil daoine **sainaitheanta nó in-sainaitheanta**. Má ghabhtar le córas cloigín dorais chliste íomhánna de dhaoine nach féidir a shainaithint nó nach bhfuil in-sainaitheanta (mar gheall ar dhroch-chaighdeán an taifeadta, mar shampla), ní hionann na híomhánna sin agus sonraí pearsanta chun críocha RGCS.

Mar shampla, ghabhfaí íomhá shoiléir den duine atá ag an doras le cloigín dorais cliste, ach d'fhéadfadh an cloigín dorais cliste a bheith deartha nó suite ionas go mbeadh aon íomhánna de dhaoine ar shráid phoiblí doiléir nó ar chaighdeán atá ró-íseal chun duine aonair ar leith a shainaithint.

**Tá ceamaraí TCI agam lasmuigh de mo theach, agus iad dírithe ar mo chabhsán agus ar mo ghairdín – an bhfuilim díolmhaithe ón dlí cosanta sonraí fós?**

Mura ngabhtar leis an gcóras TCI de chuid úinéir tí ach a g(h)airdín nó a c(h)abhsán, beidh feidhm ag an díolúine tí. Más rud é, áfach, go ngabhtar spás poiblí, amhail cosán poiblí, bóthar nó caolsráid, mar shampla, leis an gceamara freisin, tiocfaidh sé faoi raon feidhme an dlí cosanta sonraí. Measfar úinéir tí a bheith ina rialaitheoir sonraí má ghabhtar lena c(h)óras TCI **íomhánna in-sainaitheanta** de dhaoine sna spásanna poiblí. Ba cheart cúram a ghlacadh chun nach ngabhfaí aon mhaoine in aice láimhe (teach, gairdín, etc.).

Féach ár suíomh Gréasáin chun ár dtreoir maidir le córais TCI a léamh má tá imní ort go bhfuil seans ann go bhfuil tú ag taifeadadh lasmuigh d'imlíne do mhaoine pearsanta.






***Cad a tharlóidh má bhíonn na ceamaraí curtha as nó más ceamaraí bréige iad?***

Ní thagann aon saincheisteanna cosanta sonraí chun cinn as ceamaraí bréige nó ceamaraí díghníomhachtaithe a úsáid.

***An bhfuil cead agam físeáin nó grianghraif de bhuirgléir a phostáil ar na meáin shóisialta chun leideanna a fháil ón bpobal?***

Má phostálann tú íomhánna nó físeáin ó do chóras TCI ar líne, measfar gur rialaitheoir sonraí thú chun críocha RGCS agus beidh tú faoi cheangal ag na hoibleagáidí agus na dualgais atá ar rialaitheoirí sonraí faoin dlí cosanta sonraí. Mar shampla, de bhun Airteagal 6(1) RGCS, bheadh ort **bunús dleathach** a sholáthar le sonraí pearsanta a phróiseáil. Féach ár suíomh Gréasáin chun tuilleadh faisnéise agus treorach do rialaitheoirí sonraí a léamh. Má phostálann duine aonair íomhá de dhuine eile ar na meáin shóisialta, tá sé/sí ag próiseáil shonraí pearsanta an duine sin, agus d'fhéadfadh roinnt saincheisteanna cosanta sonraí, chomh maith le hábhair imní dhlíthiúla fhéideartha eile, a bheith ann mar thoradh air sin.


Ceadaítear píosaí scannáin TCI a chomhroinnt leis an nGarda Síochána chun cabhrú le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh faoi alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

I gcás go bhfuil íomhá agat de dhuine a gcreideann tú go ndearna sé/sí coir, nó go bhféadfadh sé/sí coir a dhéanamh, molann an Coimisiún um Chosaint Sonraí duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána toisc gurb eisean atá sa riocht is fearr chun a chinneadh cén ghníomhaíocht bhreise is gá a dhéanamh.

***An féidir liom faireachán a dhéanamh ó mo mhaoin ar m'fheithicil atá páirceáilte os comhair mo thí ar bhóthar poiblí?***

Ní féidir. Ní féidir leat leas a bhaint as an díolúine tí chun faireachán leanúnach a dhéanamh, le gléas TCI baile, ar na bóithre poiblí agus ar na cosáin phoiblí lasmuigh de do mhaoin chun cosc a chur ar ghoid feithiclí páirceáilte nó ar dhamáiste dóibh.

Tagann úsáid TCI i spásanna poiblí faoi raon feidhme an dlí cosanta sonraí agus beidh ar oibritheoirí ceamaraí eolas a chur ar na hoibleagáidí atá orthu faoin gcóras dlíthiúil seo.




## 5. Ceisteanna Coitianta ó dhaoine aonair a bhfuil imní orthu

***Cad is féidir liom a dhéanamh má chreidim go bhfuil mo chomharsa ag taifeadadh mo mhaoine nó limistéir phoiblí lena c(h)eamara?***

I bhformhór na gcásanna, molaimid duit tosú trí theagmháil a dhéanamh le húinéir an chórais TCI chun d'ábhair imní a mhíniú.

- Tá seans ann nach bhfuil a fhios ag úinéir an chórais TCI go bhfuil imní ort go bhfuil tú do do thaifeadadh.
- Fiafraigh de/di cén fáth a bhfuil córas TCI á úsáid aige/aici – is gnách go suiteálann daoine córas TCI chun faireachán a dhéanamh ar a maoin phearsanta agus chun í a chosaint. Má thuigeann tú cén fáth ar shuiteáil sé/sí córas TCI, is féidir go gcuirfidh sé sin ar do shuaimhneas thú.
- Fiafraigh de/di an bhfuil scagairí nó bacairí príobháideachta á n-úsáid acu – má tá, laghdódh sé sin an cur isteach ar do phríobháideacht. Nuair a úsáidtear scagairí agus bacairí príobháideachta, is féidir spásanna poiblí agus maoin daoine eile a dhéanamh doiléir.
- Iarr air/uirthi a thaispeáint cad atá á thaifeadadh aige/aici – tá seans ann nach bhfuil na píosaí scannáin a bhítear ag gabháil chomh cunórach agus a cheap tú agus tá seans ann go maolófar d'ábhair imní má fheiceann tú sampla den mhéid a bhítear ag gabháil.
- Tá seans ann gur shuiteáil do chomharsa ceamaraí bréige nó ceamaraí díghníomhachtaithe mar bhac ar bhuirgléireacht nó ar iompraíocht fhrithshóisialta eile. Sna cásanna sin, níl aon sonraí pearsanta á bpróiseáil, mar sin ní bheadh aon ábhair imní maidir le cosaint sonraí i gceist leis sin.

***Cad is féidir liom a dhéanamh má cheapaim go bhfuil duine éigin ag taifeadadh mo leanaí?*** I bhformhór na gcásanna, molaimid duit tosú trí labhairt le húinéir an chórais TCI. Má cheapann tú go bhfuil do leanbh á t(h)aifeadadh go míchuí ag an duine, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána.

**An féidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a ordú go mbainfí ceamara TCI baile?** Is féidir leat gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má chreideann tú nach gcloíonn úsáideoir córais TCI baile leis na rialacha.

**Scríobhfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí chuig úinéir an chórais TCI chun na rialacha maidir le húsáid córas TCI baile a mhíniú. Ní féidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a ordú do dhuine aonair príobháideach a c(h)eamaraí TCI baile a bhaint anuas nó a dhíchóimeáil.**

An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission